Riarthóir tionscadal taighde in FIONTAR, DCU

Post ar conradh 2.5 bliain (2010-2012)
Tuarastal: €37,361 - €39,499 - €41,641

Beidh an riarthóir ag soláthar tacaíochta ar na tionscadail taighde uile atá faoi chúram FIONTAR, ar a n-áirítear na mórthionscadail téarmeolaíochta www.focal.ie, www.iate.europa.eu, an tionscadal logainmneacha www.logainm.ie, an tionscadal digitithe beathaisnéisí a bheidh ar www.ainm.ie agus clár intéirneachtaí taighde do chéimithe. Beidh an riarthóir ag obair i gcomhar le meitheal bhríomhar taighde. Beidh tacaíocht riaracháin á sholáthar do na tionscadail uile agus do ghrúpaí éagsúla foirne de réir mar is gá.

Cailíochtaí/taithí
Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le bunchéim ollscoile móide taithí chuí i bpost riaracháin, riarachán tionscadal más féidir. Tá ardleibhéal scileanna cumarsáide i nGaeilge, idir labhartha agus scríofa, bunriachtanach sa phost seo, mar aon le scileanna maithe i dteicneolaíocht na faisnéise. Deis mhaith í seo do dhuine tionscantach féinspreagtha. Tá na tionscadail seo ar fad maoinithe go seachtrach agus tá comhlíonadh spriocanna agus dea-thorthaí oibre tábhachtach. Seo thíos cuid de na dualgais a thiocfaidh i gceist.

Riarachán ginearálta
- Ullmhúchán tuairiscí ráithiúla ar thionscadail reatha agus ullmhúchán iarratas nua
- Miontuairiscí cruinnithe tionscadal
- Eagrú imeachtaí agus ócáidí, ar nós comhdhálacha, cruinnithe, seisiún oiliúna
- Tacaíocht riaracháin do thaifeadadh fuaime logainm.ie
- Socruithe taistil a dhéanamh do bhaill foirne
- Comhordú ar shaineolaithe, ar ghrúpaí teagmhála agus freastal ar riachtanais chuairteoirí ar champas
- Riar shocruithe foirne ar thaithí oibre, nithe ar nós amchlár, saoire, socruithe tuairiscthe
- Taifid na dtionscadal a eagrú go slachtmhar ar an tiomantán roinnte (an L:)
- Ullmhú tuairisceán airgeadais ráithiúla

Margaíocht, poiblíocht agus seirbhísí eolais
- Margaíocht agus cur i láthair na dtionscadal (fógraí Google, DRAPIER, eagrú seastán agus cuairteanna)
- Nuashonrú na suíomh idirlín maidir le heolas tionscadal, sonraí foirne srl.
- Ábhar margaíochta, poiblíochta agus eolais a ullmhú do dhaoine seachtracha, ar nós preasráiteas, iarratais ar dhuaiseanna, plé le fiosrúcháin agus foirmeacha eolais is gá a líonadh.
- Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil mar thaca d'fhoilseacháin tionscadal ar nós: áiseanna oideachais ar Logainm.ie, CD-ROM Focal.ie, imeachtaí comhdhálacha srl.
- Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil maidir le comórtais agus acmhainní don phobal
- Comhordú ar shainliostaí spriocúsáideoirí, aiseolas, suirbhéanna srl.

An próiseas iarratais:
Beidh tástáil i scríobh na Gaeilge mar chuid den phróiseas earcaíochta. Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le FIONTAR chun an post seo a phlé: 01-7005173
caoilfhionn.nicphaidin@dcu.ie
Spriocdháta iarratais: Dé hAoine, 26 Feabhra 2010.
Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó: Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500
R-phost: hr.applications@dcu.ie www.dcu.ie/vacancies/current.shtml
Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
Tá formhór na dtionscadal seo páirtmhaoinithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta.

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs